Tá Clár na dToghthóirí á ullmhú anois don bhliain seo chugainn. Comhlánaigh an fhoirm seo agus seol ar ais LÁITHREACH í lena chinntiú go mbeidh tusa agus baill do theaghlaigh cláraithe.

NÓTAÍ

A. DÉAN CINNTE GO LUAFAIDH TÚ:

- Gach duine atá os cionn 18 mbliana d'aois a bhfuil cónaí orthu ag do sheoladh;
- Aon duine atá 17 mbliana d'aois agus a mbeidh 18 mbliana slánaithe aige faoin 15 Feabhra seo chugainn;
- Aon duine incháilithe a bhfuil cónaí air ag do sheoladhsa de ghnáth ach atá as baile go sealadach;
- Ainm aon duine atá ag cónaí ann le dhá bhliain anuas agus an seoladh a bhí ag an duine sin/na daoine sin roimhe seo.

B. NÁ LUAIGH:

- Cuairteoir atá ag cur faoi seal ag do sheoladh.

C. SAORÁNACHT

Cé go bhfuil gach cónaitheoir i dteideal a bheith cláraithe, caithfidh fios a bheith ag an údarás clárúcháin (do chathair, comhairlí contae nó cathrach agus contae) ar shaoránacht duine chun na toghcháin a mbeidh an duine sin ann vótáil iontu a chinneadh.

Is mar a leanas an ceart vóta a chaitheamh:

Is féidir le **saoránaigh de chuid na hÉireann** vóta a chaitheamh i ngach toghchán agus i ngach reifreann; Is féidir le **saoránaigh de chuid na Breataine** vóta a chaitheamh i dtoghcháin Dála, i dtóghcháln Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla: Is féidir le **saoránaigh de chuid an AE** (seachas saoránaigh de chuid na hÉireann agus na Breataine) vóta a chaitheamh i dtoghcháin Eorpacha agus i dtoghcháin áitiúla: Is féidir le **saoránaigh ó thíortha lasmuigh den AE** vóta a chaitheamh i dtoghcháin áitiúla.

D. DHÁ LEAGAN DEN CHLÁR

Is gá d'údaráis chláraithe dhá leagan den chlár a fhoilsiú:
(a) an clár iomlán; agus
(b) an clár atheagraithe.
Tá liosta na ndaoine ar fad atá i dteideal vótáil ar an gclár iomlán agus ní féidir é a úsáid ach amháin chun críche toghcháin nó chun críche reachtúla eile.

AN CLÁR ATHEAGRAITHE

Beidh ainmeacha agus seoltaí na ndaoine ar féidir a gcuid sonraí a úsáid chun críocha eile seachas críocha toghcháin nó críocha reachtúla, m.sh. do dhírmhargaíocht ag eagraíocht trádála nó ag eagraíocht eile, ar an gclár atheagraithe.

Má theastaíonn ó aon duine den líon tí go gcuirfí a chuid sonraí san áireamh ar an gclár atheagraithe ba cheart tic a chur sa bhosca rogha ISTEACH i gcolún (v), cuid 3 den fhoirm, nó sin cuir tic in aice le AMACH. Má fhágtar bán na boscaí seo, glacfar leis gurb ionann sin agus rogha AMACH, i.e. ní bheidh an duine sin ar an gclár atheagraithe.

E. TUILLEADH EOLAIS

Tá tuilleadh eolais ar an gclár agus ar an bhforlíonadh leis an gclár le fáil sa bhileog eolais "Clár na dToghthóirí" ag www.housing.gov.ie .

IARRATAS AR IONTRÁIL AINMNEACHA I gCLÁR NA dTOGHTHÓIRÍ (Léigh na nótaí go léir, úsáid BLOCLITREACHA agus peann gránbhiorach)

1. Seoladh poist iomlán na háite cónaithe:

EIRCODE:

2. An bhfuil aon teaghlaigh/árasáin eile ag uimhir 1 lastall?

Tá ☐ Níl ☐

3. Sa tábla thíos, déan liosta de gach duine atá 18 mbliana d'aois nó níos sine, nó iad siúd a bhainfidh 18 mbliana amach faoin 15 Feabhra, agus a bhfuil cónaí orthu de ghnáth ag an seoladh atá ag uimhir 1 ar aghaidh an tábla amach. Tabhair mionsonraí riachtanacha i dtaobh gach duine.

Más mian le haon duine de na daoine ar an liosta a bheith san áireamh sa chlár atheagraithe, cuir tic in aice leis an mbosca **ISTEACH** don duine sin. Ba cheart don duine atá ag comhlánú na foirme seo an méid is mian le gach duine a fhiafraí díobh (féach nóta D)

(féach nóta D)

(i) **SLOINNE**	(ii) **AINM(NEACHA)**	(iii) **DÁTA BREITHE** L L M M B B	(iv) **SAORÁNACHT** Cuir tic le do thoil más Éireannach nó ón mBreatain tú (luaigh saoránacht gach duine eile más ó thír eile san AE/nó Neamh-AE iad)				(v) **CHLÁR ATHEAGRAITHE ROGHA**	
			Éireannach	Ón mBreatain	Tír eile san AE	Tír Neamh-AE	ISTEACH	AMACH

(féach nóta D)

4. Ainm(neacha) agus aon **seoladh(seoltaí) a bhí aige/aici/acu** le dhá bhliain.

5. **Dearbhú:** Creidim gur fíor é an t-eolas a thugtar thuas.

Is cion é gan aon eolas is gá chun críocha a dhualgais a thabhairt don údarás clárúcháin nó eolas bréige a thabhairt.

Síniú

Uimhir fóin i rith an lae/phóca/ríomhphost

Dáta

Nuair a chomhlánfar an fhoirm seo, srac den bhileog í. Séalaigh í, agus seol chuig an údarás clárúcháin a bhfuil a sheoladh ar chúl í. **Níl gá le stampa ná le clúdach.**

Níl gá le stampa

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Cé na gCeannaithe
Saorphoist
Luimneach
V94 EH90

Priontáilte ar pháipéar athchúrsáilte